

Ceisteanna Agallaimh don Chomhad Fuaime

Cad is ainm duit?

Cuan Ó Seireadáin

Cé dó a mbíonn tú ag obair agus cad é Teideal do Phoist?

Táim ag obair mar choimeádaí le Conradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath.

An féidir leat sin a mhíniú i dteanga shimplí chun go bhféadfaimis go léir príomh-réimsí/príomh-thréithe do phoist a thuiscint?

Táim ag tabhairt aire do rudaí a bhaineann le stair Chonradh na Gaeilge agus Athbheochan na Gaeilge agus á chur ar fáil don phobail de reir a chéile.

Cá raibh tú ar scoil? An bunscoil/meánscoil lán-Ghaeilge a bhí inti?

D'fhreastal mé ar Scoil Naithí (Bunscoil Lán-Ghaelach) agus ar an High School (Scoil Ilchreidmheach).

An labhraíonn/ar labhair tú Gaeilge sa bhaile?

Labhair agus labhairim Gaeilge sa bhaile.

Fuair mise m'oidreachas trí mheán na Gaeilge ag an mbum leibhéal, trí bhearla ag an dara leibhéal agus trí Ghearmanis ag an tríú leibhéal. Ní chur sé sin isteach nó amach orm, is docha gur chuidigh sé go mór liom a bheith ag plé le teanga éagsuil ag gach leibhéal. Ag deireadh an lae bíonn tú i bhfad níos fearr as ag breathnú timpeall ar na fadhbanna agus ag cur le do chumas urleabhra i dteachgacha éagsúla. Caithfidh mé a rá go gcabhríonn an trí teanga atá agam go líofa go mór liom fiú ar gnath lae oibre muna mbíonn an teanga fheín in úsáid agam.

Cad iad na hábhair a rinne tú don Ardteist?

Gaeilge, Béarla, Mata, Stair, Ceol, Tíreolaíocht, Fisic, Gearmáinis

An mbraitheann tú go raibh tionchar mór ag do chúlra oideachais trí Ghaeilge ar do roghanna CAO agus do chinneadh gairme, dá réir? (má bhaineann an cheist seo leat)



Is docha go raibh tionchar mór ag mo chúlra oideachais trí Ghaeilge ar do roghanna CAO agus mo chinneadh gairme.

Nuair a bhí ort cinneadh a dhéanamh faoina mbeadh ar siúl agat i ndiaidh na scoile, ar thuig tú cad a theastaigh uait a dhéanamh nó an raibh sé dian ort d'fhoirm CAO a líonadh?

Níor thuig, bhí sé an-dian orm an fhoirm a líonadh ach tar éis cúpla comhrá le daoine de m'aithne d'eirigh liom é a dheanamh ar deireadh.

An raibh díomá ort nach bhfuair tú do chéad rogha agus, ag féachaint siar air, an rud maith nó drochrud é nach bhfuair tú é?

Fuair mé mo chéad rogha, ach d'fhág mé an ollscoil tar éis bliana

Cén chéad chéim a ghlac tú féin i ndiaidh na scoile?

D'fhreastal mé ar Choláiste na Tríonóide chun staidéar a dhéanamh ar Stair agus Rúisís

Ar bhain tú taitneamh as?

Bhain, ach níobh é an rogha ceart domsa é

Lasmuigh den staidéar a rinne tú ar do chúrsa, an raibh tú páirteach in aon ghné eile i saol an choláiste?

An ceolfhoireann

An bhféadfá léargas ginearálta a thabhairt ar do stair ghairme?

I ndiaidh dom Coláiste na Tríonóide a fhágáil, chuaigh mé chun na Gearmáine chun snas a chur ar mo chuid Gearmáinise agus chun iarracht a dhéanamh áit a fháil i gColáiste Ceoil. Tar éis dianscrúdaithe, tairgeadh áit dom sa Choláiste Ceol i Stuttgart, áit a rinne mé staidéar ar an gceol ar feadh seacht mbliana. Le linn na hama sin thosaigh mé ag seinm le ceolfhoirne agus bannaí profisiúnta sa Ghearmáin, agus i ndiaidh na hollscoil fuair post i gceolfhoireann agus d'oibrigh mé mar shaor-cheoltóir sa Ghearmáin, san Iodáil, agus san Elvéis.



Rinne mé céim staire san Ollscoil Oscailte le linn mo uaireanta saor, agus nuair a d'fhill mé ar Éireann i 2014, bhí dóthain cáilíochtaí agam chun neart rudaí éagsúla a dhéanamh. Thosaigh mé ag obair mar shaor cheoltóir in Éireann (rud a dhéanam go foill go tráthrialta), go dtí go tairgeadh post dom mar fheidhmeannach cumarsáide le Conradh na Gaeilge fad is a bhí duine eile ar an bhfoireann sin ar sos gairme. Rinne mé an post sin ar feadh bliana sular tháinig an deis chun cinn obair a dhéanamh a chartlann staire agus ar oidhreacht Chonradh na Gaeilge agus Athbheochan na Gaeilge.

An mbraitheann tú go raibh sé ina bhuntáiste duit bheith oilte ar an nGaeilge agus tú ag lorg poist?

Bhí sé mar bhuntáiste, agus bhí sé riachtanach don phost seo.

Conas mar a úsáideann tú Gaeilge i do phost?

Úsáideam Gaeilge i ngach gné cumarsáide do mo phost, labhartha, scríobhtha & rl.

Cad iad na scileanna ar leith a thugann tusa chuig an láthair oibre?

Eolas ar an stair, féidireacht pleanáil go fad-théarmach, cumas torthaí maithe a bhaint amach le linn tréimhse ama ghairid agus le hacmhainní teoranta

An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar ghnáth-lá oibre?

Bíonn siad chomh éagsúil óna chéile! Uaireanta caithim lá a digitíú sean-cháipéis, uaireanta eile ag déanamh taighde agus ag plé leis an Leabharlann Náisiúnta, uaireanta eile ag tabhairt cainte faoi torthaí agus eolas atá aimsithe agam le linn mo chuid oibre

Cad a thaitníonn leat mar gheall ar do phost?

An éagsúlacht, na rudaí spéisiúla a fhaigheam amach, na daoine suimiúla a bhuaileam leo go m.ór liom.

Cén chomhairle a chuirfeadh tusa ar aon duine a bheadh ag smaoineamh ar an bpost seo a dhéanamh?



Déan é. Má tá spéis agat i gcúrsaí staire, bheadh sé deacair smaoineamh ar phost níos dúshlánaí, toisc go bhfuil an méid sin le déanamh agus an meid sin le fáil amach

Cén saghas taithí oibre a bheadh mar thaca maith don phost seo?

Seal a chaitheamh ag obair i gcartlann, i leabharlann, nó in ionad ríomhaireachta

Cad iad na 3 phríomh-thréith phearsanta is gá a bheith ag duine don phost seo?

Foighd, Fiosracha, Feasacht

Cad iad na hábhair spéise eile atá agat agus an gcuireann siad le do phost reatha in aon slí?

Léitheoireacht agus taighde, cuidíonn siad go mór liom ó lá go lá

Cé hiad na daoine is mó a bhfuil tionchar ag do ghairm orthu?

Daoine gur spéis leo stair na hÉireann agus stair na Gaeilge, idir lucht léinn, baill craoibhe, agus gnáthphobal na tíre.

Dá dtosófá ón tús arís, an ndéanfá aon rud ar shlí éagsúil?

Dhéanfainn iarracht níos mó fós a léamh.

Ag féachaint siar air anois, cén chomhairle a bheadh agat do dhaoine sa 6ú bliain atá ag smaoineamh ar an gcéad chéim eile dóibh i ndiaidh na scoile?

Déan do dhícheall Ardteist sár-mhaith a dhéanamh. Ná cur an iomarca brú ort féin maidir leis an cúrsa ceart a roghnú i ndiaidh na hArdteiste.

Conas a rachaidh do ghairm chun cinn sna blianta atá romhainn, dar leat?

Níl a fhios agam, ach táim ag tnúth go mór le fáil amach!

